2026/2316

16.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2316 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Deireadh Fómhair 2026

maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach 'Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED' as léiriú go gcomhlíontar na ceanglais le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/607 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(4) agus (5) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2018/2001, leagtar síos ceanglais le haghaidh breoslaí áirithe, mar atá bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, chun a áirithiú nach féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin ach amháin más rud é gur táirgeadh go hinbhuanaithe iad agus go sábháiltear leo líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise. Le hAirteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001, leagtar síos critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhithbhreoslaí, do bhithleachtanna agus do bhreoslaí bithmhaise.

(2) Le hAirteagal 26 de Threoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear na critéir chun a chinneadh cé na bunábhair le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid, ar thaobh amháin, agus cé na bithbhreoslaí, na bithleachtanna nó na breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chomhlíonann critéir áirithe ar féidir a dheimhniú ina leith go ngabhann riosca íseal leo i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid, ar an taobh eile.

(3) Le hAirteagal 27(6) de Threoir (AE) 2018/2001 mar aon le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha maidir leis an sciar den leictreachas in-athnuaite a chinneadh a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh. Le hAirteagal 29a(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001 leagtar síos critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos rialacha lena sonraítear an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte araon. Le hAirteagal 31a(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a iontráil i mbunachar sonraí de chuid an Aontais faoi na hidirbhearta a rinneadh agus faoi shaintréithe inbhuanaitheachta na mbreoslaí seo a leanas araon: (i) breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha; agus (ii) breoslaí carbóin athchúrsáilte.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar leathnú mór ar an limistéar táirgeachta le go gcumhdófaí talamh ar a bhfuil stoc ard carbóin chomh maith le deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid, (IO L 133, 21.5.2019, lgh. 1-7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/807/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (IO L 157, 20.6.2023, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1184/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a bhunú agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte (IO L 157, 20.6.2023, lgh. 20-33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1185/oj).

(4) Tá ról tábhachtach ag na scéimeanna deonacha maidir le fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhithbhreoslaí, do bhithleachtanna agus do bhreoslaí bithmhaise. Faoi Threoir (AE) 2018/2001, is féidir scéimeanna deonacha a úsáid chun a dheimhniú go gcomhlíonann na breoslaí uile a tháirgtear ó bhithmhais na critéir maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos sa Treoir sin agus chun sonraí cruinne a sholáthar faoi na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na breoslaí sin. Ina theannta sin, is féidir scéimeanna deonacha a úsáid chun a dheimhniú go gcomhlíonann breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29a den Treoir sin agus an mhodheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 á cur i bhfeidhm agus chun comhlíonadh Airteagal 27(6) de Threoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 a chruthú maidir leis an sciar den leictreachas in-athnuaite a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a ríomh. De réir Airteagal 31a(5) de Threoir (AE) 2018/2001, is féidir scéimeanna deonacha a úsáid freisin chun a chruthú go n-iontrálann oibreoirí eacnamaíocha faisnéis chruinn sa bhunachar sonraí de chuid an Aontais nó sa bhunachar sonraí náisiúnta faoi breoslaí in-athnuaite áirithe agus breoslaí carbóin athchúrsáilte áirithe. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gur féidir na scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta a úsáid chun na gcríoch sin ar fad nó cuid díobh.

(5) An 27 Lúnasa 2020 chuir an scéim dheonach 'Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED' iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas a fháil de bhun Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001. Rinne an Coimisiún measúnú ar an scéim agus shainaithin roinnt saincheisteanna a raibh leasuithe ag teastáil ina leith.

(6) Chuir scéim 'RSB' a hiarraidh isteach arís an 24 Meitheamh 2021, inar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna a shainaithin an Coimisiún. Mar fhreagairt air sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/607 ([5]), lenar aithníodh scéim 'RSB' mar scéim a léiríonn go gcomhlíonann bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise (i) na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (5) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001, (ii) na critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807, agus (iii) an oibleagáid faisnéis chruinn a iontráil sa bhunachar sonraí de chuid an Aontais nó sa bhunachar sonraí náisiúnta faoi bhreoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte in earnáil an iompair i gcomhréir le hAirteagal 28(4) den Treoir sin (AE) 2018/2001 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 19 Samhain 2023. Tugadh aitheantas do scéim 'RSB' freisin as comhlíontacht a léiriú ó thaobh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise de chun críoch Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001 sa mhéid go n-áirithítear leis an scéim go n-aistrítear an fhaisnéis ábhartha uile ó oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal réamhtheachtach den líne chúraim chuig oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal iartheachtach den líne chúraim.

(7) An 15 Iúil 2025 chuir scéim 'RSB' iarraidh bhreise faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas a fháil de bhun Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Rinne an Coimisiún measúnú ar an scéim faoin iarraidh nua agus shainaithin roinnt saincheisteanna a raibh leasuithe ag teastáil ina leith. San athiarraidh an 30 Meán Fómhair 2025, thug scéim 'RSB' aghaidh mar ba cheart ar na saincheisteanna.

(8) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún an méid seo a leanas maidir leis an scéim: (i) go gcumhdaítear léi go leormhaith na rialacha a leagtar amach in Airteagal 27(6) de Threoir (AE) 2018/2001 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; (ii) go soláthraíonn sí sonraí cruinne faoi na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte chun críocha Airteagal 29a(1) agus (2) den Treoir sin; agus (iii) go bhfuil sí i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185, lena soláthraítear modheolaíocht a úsáidtear chun na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh le haghaidh na mbreoslaí sin.

(9) Maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise, cumhdaítear leis an scéim na bunábhair uile, lena n-áirítear dramhaíl, iarmhair agus an líne chúraim ar fad (le haghaidh bithmheatáin, ón ionad táirgthe suas go dtí an pointe insteallta chuig an mbonneagar gáis idirnasctha). Cumhdaítear leis an scéim freisin na cineálacha uile breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus cuimsítear léi an líne chúraim ar fad. Tá clúdach geografach domhanda aici.

(10) Agus measúnú á dhéanamh ar scéim dheonach 'RSB', chinn an Coimisiún freisin go gcomhlíonann sí caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta agus iniúchóireachta neamhspleáiche agus, i gcás bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise, go gcomhlíonann sí na ceanglais mhodheolaíocha a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/607 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach 'Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED' chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO L 114, 12.4.2022, lch. 197, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/607/oj).

(11) Ina theannta sin, cuirtear modheolaíocht maidir le maischothramaíocht i bhfeidhm leis an scéim i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 30(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001.

(12) Ar deireadh, agus measúnú á dhéanamh ar scéim 'RSB', chinn an Coimisiún freisin go gcomhlíonann sí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún ([6]).

(13) Ar chúiseanna soiléireachta agus trédhearcachta, is iomchuí a leagan amach ar bhealach cuimsitheach na critéir ar fad maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le hastaíochtaí gas ceaptha teasa a mheastar a chumhdaítear go leormhaith le scéim 'RSB'. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/607 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.

(14) Ba cheart an fhaisnéis gur tugadh aitheantas do scéim 'RSB' a chur ar fáil sa roinn ar shuíomh gréasáin EUROPA an Choimisiúin atá dírithe ar scéimeanna deonacha.

(15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis an scéim dheonach 'Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED', mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith an 24 Meitheamh 2021 agus an 30 Meán Fómhair 2025, léirítear, i gcás breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a ndéantar iniúchadh orthu faoin scéim, an méid seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann na coinsíneachtaí de bhithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (5) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001;

(b) go gcomhlíonann na coinsíneachtaí de bhithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise na critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807;

(c) go bhfuil sonraí cruinne inti faoi laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críoch Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001 sa mhéid go n-áirithítear léi go n-aistrítear an fhaisnéis ábhartha uile ó oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal réamhtheachtach den líne chúraim chuig oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal iartheachtach den líne chúraim;

(d) go gcomhlíonann na coinsíneachtaí de bhreoslaí de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch Airteagal 27(6), an chéad fhomhír go dtí an ceathrú fomhír, de Threoir (AE) 2018/2001 agus na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184;

(e) go bhfuil sonraí cruinne inti faoi laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte chun críoch Airteagal 29a(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001 agus gur ríomhadh na laghduithe i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún;

(f) go gcomhlíonann na hoibreoirí eacnamaíocha an oibleagáid faisnéis chruinn a iontráil sa bhunachar sonraí de chuid an Aontais nó sa bhunachar sonraí náisiúnta faoi bhreoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte i gcomhréir le hAirteagal 31a(2) de Threoir (AE) 2018/2001.

Airteagal 2

I gcás ina ndéanfar athrú ar ábhar na scéime deonaí 'Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED', mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith an 24 Meitheamh 2021 agus an 30 Meán Fómhair 2025, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoras an Chinnidh seo, cuirfidh an scéim dheonach 'Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED' an Coimisiún ar an eolas faoi na hathruithe sin gan mhoill.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra d'fhonn a chinneadh cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leormhaith fós leis an scéim dheonach 'Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED' na critéir ar tugadh aitheantas di ina leith.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj).

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/607.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 5 Samhain 2031.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN